CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/120 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2022

lena leasaítear Cinneadh 2002/840/CE lena nglactar an liosta d'áiseanna ceadaithe i dtríú tíortha chun bianna a ionradú

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 367)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 1999/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Feabhra 1999 maidir le neastachán dhlíthe na mBallstát i ndáil le bianna agus comhábhair bhia a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Treoir 1999/2/CE nach féidir bia-ábhar a chóireáiltear le radaíocht ianúcháin a allmhairiú ó thríú tír ach amháin má caitheadh leis i saoráid ionradaíochta arna formheas ag an Aontas Eorpach.

(2) Le Cinneadh 2002/840/CE ([2]) ón gCoimisiún, bunaíodh liosta de shaoráidí ionradaíochta formheasta i dtríú tíortha.

(3) An 31 Lúnasa 2021, chuir an Ríocht Aontaithe isteach iarratas ar fhormheas na saoráide ionradaíochta "Sláinte Sineirge" atá lonnaithe i Swindon, an Ríocht Aontaithe.

(4) Chuir an Ríocht Aontaithe fianaise leordhóthanach ar fáil go ráthaítear le maoirseacht oifigiúil na saoráide ionradaíochta sin go gcomhlíontar ceanglais Airteagal 7 de Threoir 1999/2/CE.

(5) Ba cheart an tsaoráid ionradaíochta "Sláinte Sineirge" a áireamh i liosta na saoráidí ionradaíochta formheasta i dtríú tíortha.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2002/840/CE a leasú dá réir.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh 2002/840/CE.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

([1]) IO L 66, 13.3.1999, lch. 16.

([2]) Cinneadh 2002/840/CE an 23 Deireadh Fómhair 2002 lena nglactar an liosta d'áiseanna ceadaithe i dtríú tíortha chun bianna a ionradú (IO L 287, 25.10.2002, lch. 40).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"*IARSCRÍBHINN*

Liosta na saoráidí ionradaíochta i dtríú tíortha arna bhformheas ag an Aontas

Uimh. Thagartha: CIM-AE 01-2002

HEPRO Cape (Pty) Teoranta
6 Ferrule Avenue
Montague Gardens
Milnerton 7441
An Rinn Thiar
Poblacht na hAfraice Theas

Teil. (27-21) 5512440

Facs (27-21) 5511766

Uimh. Thagartha: CIM-AE 02-2002

GAMMASTER South Africa (Pty) Ltd
PO Box 3219
5 Waterpas Street
Isando Extension 3
Kempton Park 1620
Johannesburg
Poblacht na hAfraice Theas

Teil. (27-11) 9748851

Facs (27-11) 9748986

Uimh. Thagartha: CIM-AE 03-2002

GAMWAVE (Pty) Ltd
Bosca PO 26406
Isipingo Beach
Durban 4115
Kwazulu-Natal
Poblacht na hAfraice Theas

Teil. (27-31) 9028890

Facs (27-31) 9121704

Uimh. Thagartha: CIM-AE 05-2004

GAMMA-PAK AS
Yünsa Yolu N: 4 OSB
Cerkezköy/TEKIRDAG
TR-59500
An Tuirc

Teil. (90-282) 7265790

Facs (90-282) 7265178

Uimh. Thagartha: CIM-AE 06-2004

STUDER AGG WERK HARD
Hogenweidstrasse 2
Däniken
CH-4658
An Eilvéis

Teil. (41-062) 2889060

Facs (41-062) 2889070

Uimh. Thagartha: CIM-AE 07-2006

LÁRIONAD IONRADAÍOCHTA TÉALANNACH
Institiúid Teicneolaíochta Núicléiche na Téalainne (Eagraíocht Phoiblí)
37 Moo 3, TECHNOPOLIS
Klong 5, Klong Luang
Pathumthani 12120
An Téalainn

Teil. (662) 5774167 go dtí 71

Facs (662) 5771945

Uimh. Thagartha: CIM-AE 08-2006

Synergy Health (Thailand) Ltd
700/465 Amata Nakorn Tionscail
Moo 7, Tambon Donhuaroh
Amphur Muang
Chonburi 20000
An Téalainn

Teil. (66) (0) 38458431 go dtí 3 agus (66) (0) 38450092 go dtí 3

Facs. (66) (0) 38458435 agus (66) (0) 38717146

Uimh. Thagartha: CIM-AE 09-2010

Board of Radiation and Isotope Technology
Department of Atomic Energy
BRIT/BARC Vashi Complex
Sector 20, Vashi
Navi Mumbai — 400 705 (Maharashtra)
An India

Teil. +912227840000 + 912227887000

Facs +912227840005

R-phost: chief@britatom.gov.in cebrit@vsnl.net

Uimh. Thagartha: CIM-AE 10-2010

Board of Radiation and Isotope Technology
ISOMED
Bhabha Atomic Research Centre
South Site Gate, Refinery Road
In aice le Stáisiún Cumhachta TATA, Trombay
Mumbai — 400085 (Maharashtra)
An India

Teil. +912225595684 + 912225594751

Facs +912225505338

R-phost: chief@britatom.gov.in cebrit@vsnl.net

Uimh. Thagartha: CIM-AE 11-2010

Microtrol Sterilisation Services Pvt. Ltd
Plot No 14 Bommasandra- Jigani Link Road Industrial Area
KIADB, Off Hosur Road
Hennagarra Post
Bengalooru — 562 106 (Karnataka)
An India

Teil. +918110653932 + 918110414030

Facs +918110414031

Ríomhphost: vikram@microtrol-india.com

Uimh. Thagartha: CIM-AE 12-2021

Synergy Health
Moray Road
Elgin Industrial Estate
Swindon
SN2 8XS
An Ríocht Aontaithe

Teil: + 44 1793-601004

R-phost: ast_info@steris.com”